Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13629/20**

**CYBER 263**
**TELECOM 248**
**COPEN 362**
**CODEC 1266**
**COPS 441**
**COSI 235**
**CSC 344**
**CSCI 86**
**IND 248**
**RECH 493**
**ESPACE 77**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 2 Nollaig 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cibearshlándáil feistí ceangailte<br>- Conclúidí ón gComhairle arna bhformheas tríd an nós imeachta i scríbhinn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le cibearshlándáil feistí ceangailte mar a d'fhormheas an Chomhairle iad trí nós imeachta i scríbhinn an 2 Nollaig 2020.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le cibearshlándáil feistí ceangailte**

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh,

Á MHEABHRÚ DI

- na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Athléimneacht, Bacadh agus Cosaint: Cibearshlándáil láidir a thógáil don Aontas,
- na Conclúidí ón gComhairle maidir le fothú acmhainneachta agus forbairt cumas i ndáil leis an gcibearshlándáil san Aontas Eorpach,
- na Conclúidí ón gComhairle maidir le tábhacht 5G do gheilleagar na hEorpa agus an gá atá ann rioscaí slándála a bhaineann le 5G a mhaolú,
- na Conclúidí ón gComhairle maidir le hEoraip ard-digiteach don tréimhse ó 2020 amach dar teideal: "Borradh a chur faoin iomaíochas digiteach agus eacnamaíoch ar fud an Aontais agus comhtháthú digiteach",
- na Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú,
- na Conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir le COVID-19, an Margadh Aonair, beartas tionsclaíoch, caidreamh digiteach agus seachtrach,
- an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a mhúnlú.

1. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór don Aontas Eorpach gona Bhallstáit a gceannasacht dhigiteach agus a neamhspleáchas straitéiseach a áirithiú, agus geilleagar oscailte a chaomhnú ag an am céanna. Áirítear leis sin neartú a dhéanamh ar a gcumas roghanna uathrialaitheacha teicneolaíocha a dhéanamh, agus mar cheann de na príomhcholúin, bonneagair, táirgí agus seirbhísí athléimneacha slána a chruthú chun muinín a chothú laistigh den Margadh Aonair Digiteach agus i sochaí na hEorpa. Caomhnaítear go háirithe i gcroíluachanna an Aontais Eorpaigh an príobháideachas, an tslándáil, an comhionannas, dínit an duine, an smacht reachta agus an tIdirlíon oscailte mar réamhriachtanais chun go mbainfear amach sochaí, geilleagar agus tionscal atá dírithe ar an duine agus bunaithe ar an digitiú.

2. AITHNÍONN SÍ an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le gléasanna ceangailte agus slándáil na ngléasanna sin, lena n-áirítear meaisíní, braiteoirí agus líonraí arb ionann iad agus Idirlíon na Rudaí Nithiúla. Beidh ról lárnach ag gléasanna ceangailte maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú a thuilleadh, ó thaobh na tionsclaíochta agus an ghnó de, gan trácht ar shaol laethúil na dtomhaltóirí sin a bheidh ag glúin nua den teicneolaíocht.
I dteannta 5G, ní féidir teacht ar intleacht shaorga, ríomhaireacht chandamach, ríomhaireacht ardfheidhmíochta, néalríomhaireacht, teicneolaíocht mórleabhar dáilte – is é sin blocshlabhra – ná aon fheidhmchláir agus deiseanna nua eile don fhás eacnamaíoch inbhuanaithe agus do leibhéal níos airde digitithe dár sochaí ach trí bhíthin feistí ceangailte cibearshlána.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfágann an méadú atá ag teacht ar an úsáid a bhaintear as táirgí do thomhaltóirí agus as feistí tionsclaíocha atá ceangailte leis an idirlíon go mbeidh rioscaí nua ann don phríobháideachas, don fhaisnéis-shlándáil, agus don chibearshlándáil, lena n-áirítear, níos minice ná riamh, an tionchar a d'fhéadfaí a imirt ar shláine agus ar infhaighteacht táirgí agus sonraí, tionchar agus a d'fhéadfadh difear díreach a dhéanamh don tsábháilteacht. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí na rioscaí sin a íoslaghdú chun tomhaltóirí a chosaint, cibear-athléimneacht fhoriomlán na hEorpa a neartú, agus muinín na saoránach as réitigh dhigiteacha agus as teicneolaíochtaí digiteacha a fheabhsú. Cothóidh an méid sin cumas iomaíochta agus cumas nuálaíochta na soláthraithe Eorpacha a chuireann na gléasanna sin ar fáil. Ba cheart a aithint gur ceanglais fhíor-riachtanacha iad an chibearshlándáil agus an phríobháideachas i dtaca le nuálaíocht táirgí, leis na próisis táirgthe agus forbartha, lena n-áirítear céim an deartha (slándáil trí dhearadh); ba cheart an chibearshlándáil agus an phríobháideachas a áirithiú feadh shaolré iomlán an táirge agus feadh a shlabhra soláthair.

4. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR, chomh maith le hardleibhéal slándála a áirithiú do ghléasanna ceangailte, go bhfuil sé chomh tábhachtach céanna feasacht na dtomhaltóirí a mhéadú maidir leis na rioscaí féideartha príobháideachais agus slándála a bhaineann leis na gléasanna sin. Ba chúnamh an méid sin chun na bagairtí a eascraíonn as úsáid mhéadaithe gléasanna ceangailte a íoslaghdú, muinín as an Margadh Aonair Digiteach a fheabhsú, agus an leas is fearr a bhaint as na tairbhí eacnamaíocha agus sochaíocha a ghabhann le teicneolaíochtaí na ngléasanna ceangailte.

5. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhféadfadh infheistíochtaí poiblí sa taighde agus sa nuálaíocht, go háirithe trí na cláir Fís Eorpach agus Eoraip Dhigiteach, mar aon le hinfheistíochtaí príobháideacha, dreasachtaí luachmhara a chruthú chun gléasanna ceangailte a dhéanamh níos sábháilte agus níos sláine, rud a d'fhágfadh na líonraí cumarsáide cliste níos athléimní. Ba cheart dlús a chur freisin le hinfheistíochtaí sa bhonneagar digiteach agus sa teicneolaíocht dhigiteach a theastaíonn chun gur féidir teicneolaíochtaí na bhfeistí ceangailte is déanaí a chur in úsáid chun ceannaireacht thionsclaíoch agus dhigiteach a bhaint amach, agus chun an neamhspleáchas straitéiseach a áirithiú, agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna.

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór ardleibhéal comhlántachta agus inchomparáideachta a áirithiú maidir le feidhmiúlachtaí slándála na gcóras TFC agus na gcomhpháirteanna TFC, ar feidhmiúlachtaí iad a úsáidtear in earnálacha éagsúla go leor den Mhargadh Aonair Digiteach.

7. ADMHAÍONN SÍ a bhfuil ag tarlú faoi láthair ar leibhéal an Aontais maidir le leibhéal cibearshlándála feistí ceangailte a ardú, go háirithe maidir leis na tionscnaimh a rinne an Coimisiún le déanaí chun aghaidh ghearrthéarmach a thabhairt i ngníomhartha dlí ábhartha ar ghnéithe cibearshlándála TFC, mar shampla gníomhartha atá sa Chreat Nua Reachtaíochta, go háirithe Treoir 2014/53/AE (an Treoir maidir le Trealamh Raidió). CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le reachtaíocht chothrománach, agus na coinníollacha is gá a shonrú freisin maidir le rochtain ar an margadh, chun aghaidh a thabhairt san fhadtéarma ar ghnéithe ábhartha uile de chibearshlándáil feistí ceangailte, amhail infhaighteacht, sláine agus rúndacht. I ndáil leis an méid sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI go gcuirfí plé ar bun maidir le fiosrú a dhéanamh ar raon feidhme na reachtaíochta sin agus ar na naisc atá aici leis an gcreat um dheimhniú cibearshlándála mar a shainítear faoin nGníomh um Chibearshlándáil, d'fhonn leibhéal na slándála a mhéadú laistigh den mhargadh Aonair Digiteach.

8. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart, d'fhonn an débhríocht agus an ilroinnt a sheachaint i gcúrsaí reachtaíochta, ceanglais chibearshlándála a shainiú i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais, lena n-áirítear an Gníomh um Chibearshlándáil, an Creat Nua Reachtaíochta, an Rialachán maidir leis an gCaighdeánú Eorpach, agus reachtaíocht chothrománach a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

9. AITHNÍONN SÍ an ról tábhachtach atá ag na geallsealbhóirí uile, go háirithe ról na monaróirí, maidir le leibhéal cibearshlándála gléasanna ceangailte a ardú sa mhargadh aonair digiteach, agus IARRANN SÍ, dá bhrí sin, go mbeadh comhordú agus dlúthchomhar ann leis na geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha ábhartha go léir, lena n-áirítear i bhfianaise a bhféadfadh a bheith ann amach anseo de reachtaíocht chothrománach.

9a. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair leanúnach atá á déanamh faoi stiúir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil ar na chéad scéimeanna um dheimhniú cibearshlándála de chuid an Aontais a dhréachtú, is iad sin an dá scéim seo atá beartaithe: scéim an Aontais Eorpaigh um Chritéir Chomhchoiteanna agus an scéim um Sholáthraithe Néalseirbhísí. Beidh na scéimeanna sin ina bhfothaí ábhartha chun gléasanna ceangailte a dheimhniú.

10. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart a shonrú, in aon scéim bhreise um dheimhniú le haghaidh gléasanna ceangailte agus seirbhísí gaolmhara a leagfaí síos i gclár oibre rollach an Aontais agus a shainítear faoin nGníomh um Chibearshlándáil, an chaoi ba cheart na riachtanais slándála is infheidhme ar an leibhéal dearbhúcháin ábhartha a chomhlíonadh ar bhonn caighdeáin shonracha Eorpacha agus caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta, gan beann ar an earnáil ina bhfuil an táirge le húsáid, ná ar na sonraíochtaí tástálacha ná deimhnithe etc. atá le cur i bhfeidhm.

11. ADMHAÍONN SÍ go mbeadh gá le noirm, caighdeáin nó sonraíochtaí teicniúla ábhartha le haghaidh meastóireachtaí cibearshlándála chun gléasanna ceangailte a dheimhniú faoin nGníomh um Chibearshlándáil. Dá bhrí sin, CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór noirm, caighdeáin agus sonraíochtaí teicniúla don chibearshlándáil a bhunú le haghaidh gléasanna ceangailte agus MOLANN SÍ go ndéanfaí iarrachtaí na n-eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú sa chúram seo a neartú. Ag an am céanna, TUGANN SÍ DÁ hAIRE caighdeán cibearshlándála ETSI EN 303 645 le haghaidh ghléasanna idirlíon na rudaí nithiúla do thomhaltóirí mar chéim thábhachtach sa treo sin.

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar [...] scéimeanna iarrthacha um dheimhniú cibearshlándála a iarraidh le haghaidh gléasanna ceangailte agus seirbhísí gaolmhara arna mbunú ar chlár oibre rollach an Aontais atá á cheapadh faoi láthair agus lánaird á tabhairt ar na scéimeanna cothrománacha Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála atá á gceapadh faoi láthair. Le scéim den sórt sin, ar bhonn deonach, bheadh monaróirí táirgí den sórt sin in ann táirgí a bhfuil an leibhéal dearbhúcháin measúnaithe ag baint leo a chur chun cinn.

13. IARRANN SÍ go mbeadh plé ann maidir le conas sprioc na cibearshlándála a fhréamhú in aon reachtaíocht chothrománach a bheidh ann amach anseo ina gcumhdófar rioscaí cibearshlándála a bhaineann le gléasanna ceangailte agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE ag an am céanna nach mór féachaint ar oiriúnú a dhéanamh ar cheanglais riachtanacha na dtreoracha ábhartha maidir le Creat Reachtach Nua, i gcás inarb iomchuí.

14. MOLANN SÍ don Choimisiún measúnú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar rialacháin earnáilsonracha chomhlántacha inar cheart a shainiú cé acu leibhéal cibearshlándála ba cheart do ghléas ceangailte a chomhlíonadh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm na ceanglais shonracha slándála agus phríobháideachais le haghaidh na ngléasanna sin lena ngabhann rioscaí slándála is airde.

15. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR gur gá cáilíocht saoil agus dea-bhail shaoránaigh na hEorpa a fheabhsú agus an mhuinín as an margadh aonair digiteach a chothú. Tá slándáil agus príobháideachas ár sochaithe ríthábhachtach chun bunluachanna an Aontais a chaomhnú. CUIREANN SÍ i bhFÁTH, mar sin, gur gá cur leis an gcreat dá bhforáiltear leis an nGníomh um Chibearshlándáil chun ceanglais slándála a chomhchuibhiú, i gcomhréir le leibhéil dearbhúcháin éagsúla, i ngach earnáil den Chreat Reachtach Nua chun ilroinnt agus seiceálacha iomadúla ar cheanglais chomhionanna a sheachaint agus cothrom na Féinne a thabhairt ar fud an Aontais Eorpaigh maidir le hiomaíochas agus nuálaíocht

16. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil, ar an gCoiste um Measúnú Comhréireachta Teileachumarsáide agus Faireachas Margaidh, agus ar an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála rannpháirt ghníomhach a ghlacadh sa tionscnamh seo chun an margadh aonair digiteach a neartú agus feabhas a chur ar an muinín as táirgí, seirbhísí agus próisis TFC le haghaidh gléasanna ceangailte tríd an bpríobháideachas agus an tslándáil a áirithiú agus iomaíochas méadaithe domhanda thionscal idirlíon na rudaí nithiúla de chuid an Aontais a éascú leis na caighdeáin is airde athléimneacht, sábháilteacht agus slándáil.

17. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá tacaíocht a thabhairt do FBManna ós cuid ríthábhachtach den éiceachóras cibearshlándála Eorpach iad, agus MOLANN SÍ do FBManna páirt a ghlacadh i ngach comhairliúchán poiblí a sheolfar agus i ngníomhaíochtaí caighdeánúcháin chun go gcuirfear san áireamh an pháirt luachmhar agus thábhachtach a bhíonn acu maidir leis an gcibearshlándáil a bheith ina sprioc ar féidir í a bhaint amach, chomh maith le buntáiste iomaíoch a thabhairt don mhargadh Eorpach.

18. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh an oibleagáid maidir le cibearshlándáil agus príobháideachas a áirithiú tionchar dearfach a imirt ar an lorg comhshaoil a fhágann earnáil na teicneolaíochta ina diaidh ar feadh saolré iomlán táirge agus feadh a shlabhra soláthair i.e. monaróirí a threorú i dtreo próisis chliste agus inbhuanaithe forbartha agus táirgthe agus, ar an gcaoi sin, an méid dramhaíola leictreonaí a bhaineann le diúscairt gléasanna ceangailte a laghdú.